Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2016**
**(OR. en)**

**6107/16**

**LIMITE**

**FIN 99**
**AGRI 67**
**FORETS 7**
**DEVGEN 21**
**ENV 69**
**RELEX 108**
**UD 20**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Tacaíocht ón Aontas do thíortha táirgthe adhmaid faoi phlean gníomhaíochta FLEGT"<br>- Glacadh |

1. Ar an 26 Deireadh Fómhair 2015, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal "Tacaíocht ón Aontas do na tíortha táirgthe adhmaid faoi phlean gníomhaíochta FLEGT"[1].

2. Ar an 2 Nollaig 2015, thug Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) sainordú don Mheitheal um Fhoraoiseacht scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí[2].

[1] Tá an tuarascáil speisialta sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
[2] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Rinne an Mheitheal um Fhoraoiseacht scrúdú ar an tuarascáil ar an 10 Nollaig 2015, ar an 12 Eanáir agus ar an 17 Feabhra 2016. I bhfianaise an scrúdaithe sin, chuir an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle i dtoll a chéile. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 17 Feabhra 2016, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo iad.

4. I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar tháinig an Mheitheal air a dheimhniú agus a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh na conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, ag an seisiún a bheidh aici ar an 14 Márta.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**
**"Tacaíocht ón Aontas do na tíortha táirgthe adhmaid faoi phlean gníomhaíochta FLEGT"**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

(1) CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tacaíocht ón Aontas do na tíortha táirgthe adhmaid faoi phlean gníomhaíochta FLEGT" agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na barúlacha agus na moltaí a thugtar sa Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-aithnítear sa tuarascáil go raibh an tacaíocht a thug an tAontas i dtaca le FLEGT bunaithe ar mheasúnú iontaofa ar fhadhb na lománaíochta neamhdhleathaí, lucht a spreagtha agus na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh agus gur ceapadh an plean gníomhaíochta i slí nuálach. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR freisin go bhfuil cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta FLEGT bunaithe ar fhreagairt chomhordaithe ón Aontas, trí leas a bhaint as láidreachtaí agus cumais éagsúla an Choimisiúin agus Bhallstáit an Aontais, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil éifeachtúlacht agus éifeachtacht chláir tacaíochta FLEGT i roinnt mhaith Ballstát agus cur chun feidhme bheartas foriomlán an Aontais sa réimse sin mar thacaíocht dá chéile;

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur bunghné de Phlean Gníomhaíochta FLEGT í an tacaíocht chomhordaithe a thugann an tAontas agus a Bhallstáit do na tíortha táirgthe adhmaid cheana féin agus go bhfuil an tacaíocht sin ríthábhachtach do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach, go háirithe trí na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Deonacha FLEGT idir an tAontas agus tíortha táirgthe adhmaid a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme;

(4) CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go gcabhraíonn Comhaontuithe Comhpháirtíochta Deonacha le cumais rialtas agus gnólachtaí chun rialú, chun bainistiú agus chun oibriú go héifeachtach i bhforaoisí i gcomhréir le ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus, sa deireadh, éilítear leo caighdeáin arda le haghaidh na gcóras dearbhaithe dlíthiúlachta nach foláir a chomhlíonadh sula bhféadfaí tús a chur le ceadúnúchán FLEGT;

(5) AITHNÍONN SÍ go bhfuil bainistiú déanta ag an gCoimisiún agus ag Ballstáit an Aontais ar thacaíocht FLEGT do thíortha táirgthe adhmaid i dtimpeallacht thar a bheith dúshlánach, agus aird á tabhairt ar a chasta is atá sé aghaidh a thabhairt ar an lománaíocht neamhdhleathach agus rialachas foraoise agus forghníomhú an dlí a chur chun cinn i dtíortha difriúla mar aon leis na róil éagsúla atá ag tíortha comhpháirtíochta sa mhargadh adhmaid domhanda agus an gá atá ann le comhleanúnachas le cláir agus le tionscadail REDD +;

(6) CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil go leor bainte amach i dtíortha comhpháirtíochta maidir leis na dálaí foriomlána le haghaidh lománaíocht adhmaid dlíthiúil agus inbhuanaithe, amhail rannpháirtíocht, trédhearcacht agus próisis dhaonlathacha, soiléiriú ar na timpeallachtaí reachtacha agus ar choincheap na“dlíthiúlachta" i ndáil le lománú an adhmaid, chomh maith le soiléiriú ar thionacht talún nó ar fhothú acmhainní, lena n-áirítear i gcás rialuithe tríú páirtí;

(7) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid iarrachtaí chun tuilleadh feabhais a chur ar shineirgí, ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht agus tacaíocht á cur ar fáil do na tíortha táirgthe adhmaid;

(8) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur thug an Coimisiún tuarascáil[3] le déanaí i dtaca le Rialachán an Aontais maidir le hAllmhairí Adhmaid a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm agus go bhfuil meastóireacht níos leithne á tabhairt chun críche faoi láthair aige ar Phlean Gníomhaíochta FLEGT;

(9) AONTAÍONN SÍ gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí atá ar bun chun Rialachán an Aontais maidir le hAllmhairí Adhmaid a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar go mbeidh cothroime iomaíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh;

[3] 6303/16 agus 6311/16

(10) MEASTAR DI go mba cheart aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa tuarascáil speisialta agus ar an obair a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh orthu, ar bhealach comhtháite ar bhonn an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Rialachán an Aontais maidir le hAllmhairí Adhmaid agus aon obair leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar an meastóireacht ar Phlean Gníomhaíochta FLEGT, agus aird á tabhairt freisin ar aon dul chun cinn ábhartha maidir le rialú foraoise ar an leibhéal iltaobhach, lena n-áirítear an Comhshocrú Idirnáisiúnta maidir le Foraoisí;

(11) TACAÍONN SÍ go hiomlán leis an gCoimisiún agus aghaidh á tabhairt aige ar na hábhair atá ag déanamh imní don Chúirt i bhfianaise na meastóireachta ginearálta atá á déanamh ar Phlean Gníomhaíochta FLEGT;

(12) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar phleanáil le haghaidh na ngnéithe éagsúla a bhaineann le Plean Gníomhaíochta FLEGT agus tuairisciú a dhéanamh orthu d'fhonn cuspóirí, tosaíochtaí agus spriocdhátaí soiléire a léiriú agus chun aird a thabhairt freisin ar na hacmhainní buiséadacha a bhaineann le tacaíocht do na tíortha táirgthe adhmaid, agus an chomhthacaíocht le cláir na mBallstát á cur san áireamh go cuí.